**Parlaimint na hEorpa**
2019 -2024

*An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

**2022/2049(INI)**

8.11.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2022 (2022/2049(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Robert Biedroń

PA_NonLeg

## MOLTÁÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint d'Airteagail 2 agus 3(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

– ag féachaint d'Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus, go háirithe, prionsabail 2, 3, 11 agus 17 de,

– ag féachaint do Choinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW) an 18 Nollaig 1979,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CCL) an 20 Samhain 1989,

– ag féachaint do Dhearbhú Bhéising agus don Ardán Gníomhaíochta ón gCeathrú Comhdháil Dhomhanda ar Mhná an 15 Meán Fómhair 1995 agus do thorthaí na gcomhdhálacha athbhreithnithe,

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) an 11 Bealtaine 2011,

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2022 maidir leis an gcinneadh ó Chúirt Uachtarach na Stát Aontaithe cearta ginmhillte a chur ar ceal sna Stáit Aontaithe agus an gá atá le cearta ginmhillte agus sláinte na mban san Aontas Eorpach a choimirciú[1],

– ag féachaint don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha agus do na tuairimí ginearálta ón gCoiste um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha,

– ag féachaint do Chlár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt, agus do thorthaí a comhdhálacha athbhreithnithe,

– ag féachaint do rún uaithi an 23 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Comhionannas Inscne i mbeartas eachtrach agus slándála AE[2]:

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil AE ar Chearta an Duine agus an Daonlathas ar Domhan 2021,

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Aibreán 2022 maidir le leanaí agus daoine óga atá ag

[1] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0302.
[2] IO C 404, 6.10.2021, lch. 202.

teitheadh ón gcogadh san Úcráin a bheith á gcosaint ag an Aontas Eorpach[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 5 Bealtaine 2022 maidir leis an tionchar atá ag ag gcogadh i gcoinne na hÚcráine ar mhná[4],

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 25 Samhain 2020 dar teideal EU Gender Action Plan (GAP) III: an ambitious agenda for gender equality and women's empowerment in EU external action, [Plean Gníomhaíochta Inscne AE (GAP) III: clár oibre uaillmhianach don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais] (JOIN(2020)0017),

– ag féachaint do rún uaithi an 6 Iúil 2022 maidir leis an leithcheal trasnach san Aontas Eorpach, staid shocheacnamaíoch na mban de bhunadh na hAfraice, an Mheán-Oirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise[5],

A. de bhrí gur croíluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne; de bhrí gur ceart bunúsach é an ceart chun córa comhionainne agus chun neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear sna Conarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus gur cheart é a urramú go hiomlán; de bhrí go bhfuil an ceart chun sláine an duine fíorthábhachtach faoi Airteagal 3 den Chairt; de bhrí gur cheart, dá bhrí sin, príomhshruthú inscne agus cur chuige trasnach a chur chun feidhme agus a chomhtháthú mar phrionsabal cothrománach i ngníomhaíochtaí agus beartais uile an Aontais;

B. de bhrí go bhfuil comhionannas inscne ríthábhachtach chun sochaithe saora agus comhionanna a fhorbairt; de bhrí nach ráthaítear cearta daonna na mban, na gcailíní agus na ndaoine neamhdhénártha fós ar fud an domhain agus go bhfuil an spás d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe eagraíochtaí chearta na mban, eagraíochtaí feimineacha agus eagraíochtaí pobail, ag laghdú in go leor tíortha;

C. de bhrí go bhfuil gné shoiléir inscne ag baint le géarchéim COVID-19 agus a hiarmhairí, mar go ndearna siad difear do mhná agus d'fhir ar fud an domhain ar bhealaí éagsúla; de bhrí gur ghéaraigh an phaindéim neamhionannais inscne struchtúracha atá ann cheana; de bhrí go ndéanann a hiarmhairtí difear díréireach do shaol daoine ó ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear mná, daoine de chine daite, daoine LGBTIQA+, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine eile, mar shampla cosc a chur orthu rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte agus cúraim riachtanacha, lena n-áirítear seirbhísí sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) agus tacaíocht d'íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe;

D. de bhrí, ó bhí an phaindéim ann, go bhfuil méadú tagtha ar an bhforéigean in aghaidh na mban; de bhrí go bhfuil sé tuairiscithe ag níos mó ná 45 % de mhná go bhfuil cineál foréigin fulaingthe acu féin nó ag bean a bhfuil ar a n-aithne ó 2019 i leith agus go bhfuil sé tuairiscithe ag 65 % de na mná gur fhulaing siad é le linn a saoil; de bhrí, ar fud an domhain, go raibh 245 mhilliún bean agus cailín atá 15 bliana d'aois nó níos sine

[3] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0120.
[4] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0206.
[5] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0289.

faoi réir foréigean gnéasach agus/nó fisiciúil a rinne dlúthpháirtí le 12 mhí anuas; de bhrí go mbraitheann níos mó ná ceathrar as gach deichniúr ban níos contúirtí i spásanna poiblí ná mar a bhí roimhe seo agus go mbraitheann bean amháin as gach beirt nach bhfuil said sábháilte agus iad ag siúl ina n-aonar istoíche; de bhrí go ndeir 6 as gach deichniúr ban go bhfuil ciapadh gnéasach i spásanna poiblí imithe in olcas;

E. de bhrí go bhfuil frithfhreagairt leatromach leanúnach ann i gcoinne chearta na mban agus chearta phobal LADTIA+ ar fud an domhain;

F. de bhrí go bhfuil cúlú ann maidir le rochtain na mban ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil i roinnt Ballstát, rud ar cúis áiféala é; de bhrí gur ceart bunúsach é rochtain ar SRHR, lena n-áirítear ginmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil; de bhrí gur cineál foréigin inscnebhunaithe atá i gceist le rochtain ar SRHR a mhoilliú agus a dhiúltú agus coiriúlú a dhéanamh ar an rochtain sin; de bhrí nach laghdaíonn na srianta agus na toirmisc sin líon na nginmhilleadh, ach go gcuireann siad iallach ar dhaoine taisteal nó dul i muinín ginmhilleadh neamhshábháilte, rud a fhágann go bhfuil siad leochaileach d'imscrúdú coiriúil agus d'ionchúiseamh coiriúil, agus go ndéanann sé sin difear do dhaoine nach bhfuil acmhainní agus faisnéis acu; de bhrí go dtarlaíonn beagnach gach bás a eascraíonn as ginmhilleadh neamhshábháilte i dtíortha ina bhfuil srian mór ar ghinmhilleadh; de bhrí gur chinn Cúirt Uachtarach na Stát Aontaithe an 24 Meitheamh 2022 rialú *Roe v Wade* a chur ar ceal, ag cur deireadh leis an gceart bunreachtúil cónaidhme chun ginmhillte sna Stáit Aontaithe, lena gceadaítear do stáit ginmhilleadh a thoirmeasc tráth ar bith le linn toirchis agus an fhéidearthacht a oscailt go gcuirfí cosc iomlán ar ghinmhilleadh; de bhrí, ó shin i leith, go bhfuil líon méadaitheach stát sna Stáit Aontaithe agus ar fud an domhain tar éis a chinneadh an ceart chun ginmhillte a thoirmeasc nó a theorannú;

G. de bhrí go bhfuil ar mhná ciníochaithe, ar mhná ó chúlraí socheacnamaíocha atá faoi mhíbhuntáiste, ar mhná ó mhionlaigh, ar mhná faoi mhíchumas, ar mhná imirceacha agus ar dhaoine LADTIA+ dul i ngleic le sáruithe breise agus iolracha ar a gcearta daonna; de bhrí gur minic a chuirtear srian leo ó bheith rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus polaitiúil; de bhrí go mbíonn ar mhná atá faoi réir cineálacha forluiteacha leithcheala ar fud an domhain dul i ngleic le bacainní iomadúla maidir le rochtain a fháil ar an margadh saothair foirmiúil, rud a fhágann go bhfuil siad i mbaol idirdhealaithe, bochtaineachta, dúshaothraithe eacnamaíoch, eisiaimh shóisialta agus foréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear gnéaschiapadh agus drochíde; de bhrí go mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar chiníochas agus ar idirdhealú maidir le rochtain ar chúram sláinte, seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh foréigin agus seirbhísí eile, ag diúltú a gcearta daonna; de bhrí gur cineálacha forleathana ciníochais iad an Afrafóibe, an frithghiofógachas, an frith-Sheimíteachas agus an tIoslamafóibe ar fud an domhain;

H. de bhrí go n-úsáidtear, ar fud an domhain, reiligiún agus idé-eolaíocht i gcoinne chearta na mban agus na gcailíní agus i gcoinne comhionannas inscne i gcoitinne; de bhrí go bhfulaingíonn mná, cailíní agus daoine LGBTQIA+ foréigean inscnebhunaithe agus idirdhealú a chuireann bac ar a gcumas leas iomlán a bhaint as a gcearta daonna arna ndéanamh ag gníomhaithe stáit agus neamhstáit agus iad ag brath ar 'údair' reiligiúnacha dá ngníomhaíochtaí; de bhrí gur minic dtarlíonn foréigean agus idirdhealú do mhná a chuireann a reiligiún agus a gcreideamh in iúl trína n-éadaí nó trína gcuma

fhisiciúil;

I. de bhrí gur maraíodh 14 iriseoir ban ar fud an domhain idir 2021 agus 2022[6], agus gur méadú é sin ar a líon a maraíodh in 2020; de bhrí, cé go maraítear níos mó iriseoirí ar fir iad gach bliain, go dtarlaíonn níos mó ciaptha ar líne agus níos mó gnéaschiaptha do mhná i gcoitinne, agus go ndírítear orthu níos minice ina leith sin; de bhrí go bhfuil níos mó ban ná riamh ag gabháil don pholaitíocht ar fud an domhain, trí oifig a lorg agus trí vótáil; de bhrí go bhfuil frithfhreagairt fhoréigneach ag gabháil leis an méadú sin ar rannpháirtíocht na mban sa pholaitíocht i roinnt mhaith tíortha; de bhrí go gcruthaíonn foréigean fisiciúil, morálta agus cibearfhoréigean atá dírithe ar mhná sa pholaitíocht bacainní contúirteacha ar rannpháirtíocht na mban i bpróisis pholaitiúla; de bhrí go bhfuil an foréigean atá ag tarlú do ghníomhaithe ban, cosantóirí chearta an duine agus ceannairí sóisialta ag dul in olcas ar fud an domhain;

J. de bhrí go bhfuil líon suntasach ban ag fónamh i bhfórsaí armtha na hÚcráine i róil chomhraic agus neamhchomhraic; de bhrí gur mná iad breis agus 22.8 % d’arm na hÚcráine; de bhrí gur theith 12 mhilliún duine ar a laghad óna dtithe ó tharla ionradh na Rúise ar an Úcráin, ar mná agus leanaí iad den chuid is mó; de bhrí go mbíonn tionchar ag cogaí agus coinbhleachtaí armtha ar mhná, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar idirdhealú trasnach, ar bhealaí sonracha agus go gcuireann siad leis na neamhionannais atá ann cheana; de bhrí go bhfuil mná agus cailíní go háirithe i mbaol le linn géarchéimeanna daonnúla agus easáitithe, toisc go go bhfuil siad fós, go díréireach, ina n-íospartaigh den idirdhealú bunaithe ar noirm inscne, foréigin inscnebhunaithe agus nach bhfuil rochtain acu ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí eile; de bhrí go n-úsáidtear éigniú agus foréigean gnéasach mar arm cogaidh; de bhrí go bhfuil méadú ar gháinneáil ar dhaoine mar thoradh ar easáitiú ollmhór agus ar shreabhadh dídeanaithe mar thoradh ar chogaí agus ar choinbhleachtaí armtha; de bhrí gurb iad mná agus leanaí gan tionlacan príomhíospartaigh na ngáinneálaithe a bhaineann mí-úsáid as a staid leochaileach go minic;

K. de bhrí go bhfuil an bonn á bhaint ag an athrú aeráide ó theachtadh chearta an duine agus ag méadú neamhionannais inscne atá ann cheana; de bhrí go ndéanann an t-athrú aeráide difear níos mó do mhná agus do chailíní mar thoradh ar a rochtain éagothrom ar acmhainní, ar oideachas, ar chumhacht pholaitiúil, ar dheiseanna fostaíochta agus ar chearta talún i gcomparáid le fir agus mar thoradh ar na noirm shóisialta agus chultúrtha atá ann cheana amhail a ról mar phríomhchúramóirí agus, go minic, mar sholáthraithe uisce, bia agus breosla; de bhrí go bhfuil fadhbanna comhshaoil — arb é an t-athrú aeráide is cúis leo agus atá níos measa — freagrach faoi láthair as fás na himirce éigeantaí agus as creimeadh chearta an duine ina dhiaidh sin;

L. de bhrí go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach mná agus cailíní agus daoine leochaileacha eile a chosaint ar fhoréigean agus ar idirdhealú, go háirithe maidir le hoideachas, faisnéis agus seirbhísí sláinte, lena n-áirítear SRHR, chun a áirithiú go mbainfear leas iomlán as a gcearta daonna; de bhrí gur cineálacha foréigin inscnebhunaithe iad sáruithe SRHR, amhail steiriliú éigeantach, ginmhilleadh éigeantach, toircheas éigeantach, coiriúlú an ghinmhillte, diúltú nó moill ar ghinmhilleadh sábháilte agus/nó ar chúram iarghinmhillte, mí-úsáid agus drochíde a

[6] https://en.unesco.org/themes/safety-journalists/observatory

thabhairt do mhná agus do chailíní atá ag lorg faisnéis, earraí agus seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe, ciorrú ball giniúna ban, foréigean gínéiceolaíoch agus cnáimhseach, ag brath ar na himthosca;

M. de bhrí gur sárú tromchúiseach ar chearta an duine é foréigean inscnebhunaithe, lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil shóisialta, den tsláinte phoiblí, de dheiseanna oideachais agus fostaíochta na mban, agus d'fholláine agus d'ionchais forbartha leanaí agus pobal;

1. á chur i bhfáth gur bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne agus go bhfuil sé ar cheann dá phrionsabail choiteanna agus bhunúsacha; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé fíor-chomhionannas inscne a áirithiú, do gach duine, ar fud an domhain; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ról ag an gcomhionannais inscne maidir le tairbhiú comhionann na gceart bunúsach agus rochtain ina dhiaidh sin ar sheirbhísí amhail cúram sláinte, oideachas, obair chuibhiúil, tithíocht agus cúram a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil aird níos mó á tabhairt ar iarrachtaí chun cearta na mban agus na gcailíní a chur chun cinn ar fud an domhain; ag tabhairt dá haire, áfach, nach bhfuil comhionannas inscne bainte amach ag aon tír ar domhan go fóill; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an dul chun cinn foriomlán maidir le cearta na mban i bhfad faoi bhun ghealltanais thíortha na Náisiún Aontaithe a áiríodh i gCoinbhinsiún Bhéising 1995; á iarraidh an athuair ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit gealltanas a thabhairt dul chun cinn a dhéanamh i dtreo beartas eachtrach agus slándála feimineach lena mbaineann fís chlaochlaitheach inscne agus a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit, toscaireachtaí an Aontais agus institiúidí uile an Aontais spriocanna agus gealltanais uile Phlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne a chur chun feidhme go hiomlán;

2. á thabhairt chun suntais go ndéantar idirdhealú trasnach ar mhná LADTIA+, ar mhná imirceacha agus ar mhná ciníochaithe, ar mhná faoi mhíchumas agus ar mhná scothaosta, i measc mná eile; á iarraidh go ndéanfaí go ndéanfaí, i ngníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach an Aontais, féiniúlachtaí agus idirdhealú trasnach a chur san áireamh, agus a aithint go ndéanann neamhionannais inscne difear éagsúil do mhná agus do chailíní ina n-éagsúlacht uile, chomh maith le daoine neamh-dhénártha, ós rud é gur measa fós iad sin mar gheall ar chineálacha eile leatroim; á iarraidh go dtabharfaí cosaint níos fearr do mhná ó ghrúpaí leochaileacha, amhail mná LADTIA+, mná faoi mhíchumas, mná ciníochaithe, mná scothaosta agus mná ó cheantair thuaithe; á iarraidh go ndéanfaí peirspictíocht an phríomhshruthaithe inscne agus na trasnaíochta a chomhtháthú go córasach i mbeartais eachtracha agus slándála, imirce, mhéadaithe, trádála agus forbartha an Aontais; á iarraidh go mbeadh caibidlí sonracha inscne ann i ngach comhaontú trádála agus infheistíochta de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo; á chur in iúl gur oth léi go mór, i ndáil leis an méid sin, nach bhfuil gné thrasnach i gComhaontú an Aontais maidir le hImirce agus Tearmann;

3. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méadú atá tagtha ar neamhionannais inscne mar thoradh ar na géarchéimeanna comhleanúnacha ar fud an domhain; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, an fás scanrúil ar fhoréigean inscnebhunaithe ar fud an domhain le linn géarchéimeanna; á chur i bhfios go láidir go bhfuil iaréifeachtaí phaindéim COVID-19 fós ag géarú na neamhionannas atá ann cheana, ag déanamh difear díréireach do shaol grúpaí imeallaithe, ag cosc, go háirithe, rochtain ar ghinmhilleadh agus frithghiniúint, cóireáil thorthúlachta, tástáil le haghaidh VEID agus

ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, scagthástáil ailse atáirgthe, oideachas gnéasachta agus caidrimh agus cúram sláinte máthartha;

4. á chur i bhfios go láidir gur gá rochtain leanúnach a bheith ag mná agus cailíní ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe le linn coinbhleachtaí agus easáitiú, lena n-áirítear rochtain ar sheachadadh sábháilte, seirbhísí pleanála teaghlaigh, ginmhilleadh dleathach agus sábháilte nó bainistiú cliniciúil ar éigniú; á iarraidh go gcuirfear cistí ar fáil chun seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe atá riachtanach agus tarrthálach a sholáthar, i gcomhréir le Pacáiste na Náisiún Aontaithe um Sheirbhís Tosaigh Íosta;

5. á thabhairt chun suntais go gcruthaíonn aon choinbhleacht, amhail an cogadh san Úcráin, deis do gháinneálaithe ar dhaoine leas a bhaint as leochaileacht na ndaoine; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cumarsáid agus oiliúint trasteorann níos fearr a éascú chun a áirithiú go ndíreofar ar bhonn níos éifeachtúla ar gháinneálaithe ar dhaoine, a úsáideann teorainneacha mar lúba ar lár chun a n-íospartaigh a dhúshaothrú tuilleadh, ar mná iad a bhformhór; á iarraidh go mbeadh beartas réamhghníomhach ann maidir le conairí imirce dleathacha atá inbhuanaithe, trédhearcach agus inrochtana; á iarraidh go mbeadh feachtais faisnéise éifeachtúla ann, ionas nach mbeidh daoine atá ag teitheadh ó choinbhleacht agus/nó anacair so-ghabhálach maidir le titim isteach i slabhraí gáinneála; ag cáineadh go láidir úsáid an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe mar arm cogaidh agus á chur i bhfáth gur coir chogaidh é sin; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil méadú ag teacht ar líon na dtuairiscí faoi gháinneáil ar dhaoine, faoin bhforéigean gnéasach, faoi dhúshaothrú, faoi éigniú agus faoi mhí-úsáid a mbíonn ar mhná agus ar leanaí aghaidh a thabhairt orthu agus iad ag teitheadh ón Úcráin; á iarraidh go ndéanfar gníomhaíocht chinntitheach chun deireadh a chur leis an bhforéigean gnéasach mar arm cogaidh agus deireadh a chur le saoirse ó phionós na ndaoine atá ciontach sna gníomhaíochtaí sin, agus feasacht a mhúscailt maidir leis an staid shonrach agus leis an idirdhealú a dhéantar ar leanaí cogaidh;

6. á chur in iúl gur saoth léi an méadú mór ar líon na ndaoine a ghabhtar isteach sa sclábhaíocht nua-aimseartha; á iarraidh go mbeadh cur chuige íospartach-lárnach agus dírithe ar chearta an duine ann chun an choireacht sin a chomhrac; ag cur sonrú i ngné inscne na gáinneála ar dhaoine, agus 65 % dá íospartaigh ina mná agus ina gcailíní, agus 92 % díobh siúd á ngáinneáil le haghaidh teacht i dtír gnéasach; á iarraidh go ndéanfar gníomhaíocht chomhordaithe lena ndíreofar ar íospartaigh a aithint agus ar iad a athimeascadh go héifeachtach sa tsochaí, ós rud é go bhfuil neamhionannas eacnamaíoch agus inscne ar cheann de na nithe is mó a spreagann íospairt;

7. á thabhairt chun suntais go n-úsáidtear bagairtí agus foréigean atá dírithe ar iriseoirí nó polaiteoirí ban, chomh maith le mná atá rannpháirteach i gcosaint chearta an duine; ag meabhrú go bhfuil an phríomhfhreagracht ar an stát timpeallacht shábháilte a áirithiú agus a chothabháil do na mná sin atá neamhchosanta go poiblí agus iad a chosaint ar bhagairtí agus ar ionsaithe; á iarraidh go ndéanfaí imscrúduithe prasa ar imeaglú, bagairtí, foréigean agus mí-úsáidí eile i gcoinne na mban sin;

8. á chur i bhfáth go bhfuil mná agus cailíní ó mhionlaigh eitneacha, reiligiúnacha agus creidimh níos leochailí fós maidir le foréigean inscnebhunaithe agus idirdhealú; ag cáineadh go láidir an t-idirdhealú agus an foréigean a dhéantar in aghaidh na mban ó mhionlaigh ar fud an domhain, amhail mná Romacha; á mheas nár cheart an ceart chun

oideachais, cearta sóisialta agus an ceart chun cúraim sláinte a laghdú ná a bhaint riamh; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di staid mhionlach na nUigiúrach agus ag cáineadh na sáruithe uile ar chearta an duine amhail coinneáil threallach, céasadh, drochíde, lena n-áirítear cóir leighis éigeantach, foréigean gnéis agus inscnebhunaithe, a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna idirnáisiúnta;

9. á iarraidh ar gach tír óstach agus idirthurais a thógann isteach dídeanaithe aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní, agus a áirithiú go mbeidh seirbhísí, conairí atreorúcháin agus sásraí gearáin ar fáil láithreach laistigh de phobail i dteangacha agus i bhformáidí atá inrochtana do gach grúpa á iarraidh go mbeadh rochtain leanúnach ar sheirbhísí sláinte bunriachtanacha agus tarrthála ann san Úcráin, chomh maith le rochtain ráthaithe ar sheirbhísí SRHR, go háirithe frithghiniúint éigeandála nó cúram ginmhillte do mharthanóirí éignithe; ag moladh go ndéanfaí mná agus leanaí atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin nó ó choinbhleachtaí armtha a lánpháirtiú go tapa i dtíortha óstacha; ag meabhrú staid dheacair agus chonstaicí na ndaoine trasinscneacha atá ag teitheadh ó chogaí agus ó choinbhleachtaí armtha; á chur i bhfáth gur cheart go gceadófaí do dhaoine trasinscneacha nach gcomhfhreagraíonn a ndoiciméid aitheantais dá gcéannacht dul thar theorainneacha agus trí sheicphointí inmheánacha agus nach bhféadfar iad a eisiamh ó bhearta cosanta sibhialta; á chur i bhfáth go bhfuil deacrachtaí ag dídeanaithe trasinscne rochtain a fháil ar chóireálacha hormónacha; á chur i bhfios go láidir go ndéanann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte na cóireálacha sin agus cógais shonracha eile do dhaoine trasinscneacha agus idirghnéasacha a aicmiú mar chóireálacha bunriachtanacha agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh i bpacáistí cabhrach daonnúla;

10. á chur i bhfáth go bhfuil láithreacht agus rannchuidiú na mban thar a bheith tábhachtach le linn géarchéime; ag meabhrú thiomantas an Aontais don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban, agus an gá atá le hionadaíocht chomhionann idir mná agus fir sa cheannaireacht agus sa chinnteoireacht;

11. ag tabhairt aitheantais do mhisneach agus neart bhansaighdiúirí na hÚcráine, a bhfuil líon mór díobh ag cosaint a dtíre, agus do mhná uile na hÚcráine a chuireann tacaíocht agus cúnamh ar fáil ar an láthair, chomh maith leo siúd a chinn teitheadh ón tír chun a dteaghlaigh a chosaint; á iarraidh ar an Aontas a áirithiú go ndéanfar gné na hinscne a chomhtháthú ina fhreagairt ar ionsaí gan chúis agus gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine, rud a mhéadóidh ról na mban in oibríochtaí um chabhair dhaonnúil agus in oibríochtaí atógála iarchoinbhleachta, ar cheartas idirthréimhseach agus ar chur chun cinn chearta an duine; á iarraidh go dtabharfaí an Rúis chun cuntais as gach sárú ar chearta an duine i gcoinne na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear gach cuntas maidir le foréigean gnéasach agus éigniú, ach gan a bheith teoranta dóibh sin; á iarraidh go ndéanfar gníomhaíocht chinntitheach chun deireadh a chur leis an bhforéigean gnéasach mar arm cogaidh, chun íospartaigh a chosaint agus chun cabhrú leo agus chun a rochtain ar cheartas a mhéadú; ag athdhearbhú Rún 1820 (2008) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ina luaitear gur coireanna in aghaidh na daonnachta nó coireanna cogaidh iad éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh;

12. á chur in iúl gur saoth léi réimeas naimhdeach an Talaban san Afganastáin agus cos ar bolg leanúnach na mban agus na gcailíní ar fud go leor tíortha ar fud an domhain; á chur i bhfáth go bhfuil méadú díréireach tagtha ar sháruithe ar chearta an duine i gcoinne na

mban agus na gcailíní san Afganastáin le 12 mhí anuas, in ainneoin na ngealltanas tosaigh chun an ceart chun oibre agus chun oideachais a ráthú do mhná agus do chailíní; á mheabhrú a thábhachtaí atá oideachas na gcailíní i ndiaidh theacht i gcumhacht an Talaban san Afganastáin; á cháineadh go bhfuil mná agus cailíní á n-eisiamh go córasach ag an Talaban ón saol poiblí agus ón rannpháirtíocht pholaitiúil; á chur in iúl gur geal léi gur athbhunaigh an tAontas láithreacht íosta i gCabúl, lena n-áirithítear go gcuirfear cúnamh ar fáil agus go dtugann sé tús áite do rannpháirtíocht dhíreach le muintir na hAfganastáine, lena n-áirítear trí Fhóram Cheannairí Ban na hAfganastáine, arb é is aidhm dó a áirithiú go mbeidh guth ag mná na hAfganastáine i bhfóraim idirnáisiúnta;

13. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di bás Mahsa Amini an 16 Meán Fómhair 2022 tar éis do na póilíní 'moráltachta' í a bhualadh, mar go raibh a hijab scaoilte, de réir cosúlachta; á iarraidh go ndéanfaidh údarás inniúil neamhspleách imscrúdú pras, neamhchlaonta agus éifeachtach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freagairt dhiansmachtúil agus úsáid fornirt ag Rialtas na hIaráine i gcoinne na ndaoine a dhéanann léirsiú i bhfabhar chearta na mban agus an chomhionannais; á chur in iúl gur saoth léi na hionsaithe leanúnacha ar mhná, lena n-áirítear cás an dreapadóra Elnaz Rekabi, a chuaigh ar iarraidh tar éis comórtais le déanaí; á iarraidh ar na húdaráis náisiúnta go léir stop a chur le díriú ar mhná nach gcloíonn leis na rialacha a bhaineann leis an hijab agus sop a chur lena gciapadh agus lena gcoinneáil; ag seasamh i ndlúthpháirtíocht leis na hagóideoirí san Iaráin; ag athdhearbhú cheart na mban ar fud an domhain chun neamhspleáchais coirp agus chun saoirse a dtuairimí a nochtadh, lena n-áirítear an ceart a n-éadaí a roghnú, a bheith saor ó chur isteach ón stát, ó chomhéigean agus ó eagla roimh fhoréigean;

14. á cháineadh go bhfuil foréigean inscnebhunaithe ar cheann de na cineálacha foréigin is forleithne ar domhan; á chur i bhfios gur cineál idirdhealaithe agus sárú ar chearta bunúsacha é an foréigean inscnebhunaithe, chomh maith le toradh steiréitíopaí inscne agus neamhionannais struchtúracha agus institiúideacha; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cur chuige inscneach, trasnach agus íospartach-lárnach a chur i bhfeidhm maidir leis na beartais agus na bearta uile chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean inscnebhunaithe; á thabhairt chun suntais gur gá dul i ngleic le hidirdhealú in aghaidh na mban agus steiréitíopaí díobhálacha ón luath-óige, ós rud é go bhfuil siad sin ar cheann de na príomhthosca a spreagann an foréigean inscnebhunaithe; ag cáineadh go láidir an uile chineáil foréigin inscnebhunaithe, fhisiciúil, ghnéasaigh, shíceolaíoch agus eacnamaíoch, lena n-áirítear foréigean teaghlaigh, teacht i dtír gnéasach, ciapadh gnéasach, stalcaireacht, mabáil, gáinneáil ar dhaoine, pósadh leanaí agus pósadh éigeantais, steiriliú éigeantach, ginmhilleadh éigeantach, feimeamharú, ciorrú ball giniúna ban; foréigean 'onóra' agus maruithe 'onóra', éigniú mar arm forlámhas agus cogaidh, agus cibearfhoréigean; á chur i bhfios go láidir gur sáruithe tromchúiseacha ar chearta agus ar dhínit an duine iad na cineálacha foréigin sin go léir; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di feiniméan méadaitheach na feimeamharuithe san Eoraip agus ar fud an domhain; á iarraidh ar an Aontas agus ar na gníomhaithe domhanda díriú go sonrach ar na saincheisteanna sin; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí agus infheistíochtaí an Aontais in éineacht lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta, agus ag tacú leis na hiarrachtaí agus infheistíochtaí sin, atá dírithe ar gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chosc agus a dhíothú;

15. á chur i bhfáth go bhfuil éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus dhíghrádú an éiceachórais á n-iompar go díréireach ag daoine bochta, go háirithe mná ina n-éagsúlacht uile agus daoine óga, chomh maith le pobail dhúchasacha agus pobail nádúrtha eile atá ag brath ar acmhainní agus/nó pobail bhochta eile, agus á iarraidh ar an Aontas gealltanas a thabhairt maidir le cur chuige forásach inscne chun an ghníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach araon a athrú; á iarraidh ar an Aontas agus ar na gníomhaithe domhanda uile freagairt atá íogair ó thaobh inscne de a ghlacadh, lena n-áirítear dearcadh trasnach, i leith géarchéimeanna, go háirithe na géarchéimeanna leanúnacha fuinnimh agus aeráide, agus a áirithiú go gcuirfear cistí agus bearta spriocdhírithe chun feidhme chuige sin, chomh maith le rannpháirtíocht chothrom na mban ina n-éagsúlacht uile a ráthú i gcomhlachtaí cinnteoireachta ar an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil; ag cur sonrú sna tuilte tubaisteacha a tharla ar fud an domhain, lena n-áirítear iad siúd a chuaigh a rinne léirscrios sa Phacastáin le déanaí, rud a d’fhág beagnach 8 milliún duine easáitithe agus níos mó ná míle duine marbh, agus á chur i bhfáth go bhfuil tionchar méadaithe acu ar mhná mar gheall ar éagothromaíochtaí inscne atá ann cheana; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil 14 oiread níos mó seans ann go bhfaighidh mná bás nuair a tharlaíonn tubaiste nádúrtha;

16. á thabhairt chun suntais gurb é Coinbhinsiún Iostanbúl an ionstraim is cuimsithí san Eoraip chun cineálacha sonracha foréigin inscnebhunaithe a chomhrac; á iarraidh ar na Ballstáit uile atá fágtha Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú go hiomlán, ar príomhbhealach é chun Eoraip a chruthú a théann i ngleic le gach cineál foréigin inscnebhunaithe agus a théann i ngleic leis agus lena gcuirtear sásraí coisctheacha ar fáil chun líon na n-íospartach a bheidh ann amach anseo a laghdú; á iarraidh ar an gComhairle aontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl a thabhairt i gcrích gan mhoill; ag moladh do stáit nach bhfuil san Aontas Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú, cearta na mban a fheabhsú agus gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chomhrac go tréan; á iarraidh ar an Aontas agus ar Chomhairle na hEorpa leanúint de stáit a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa choinbhinsiún chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus a dhíothú ar fad; ag cáineadh na n-iarrachtaí i roinnt Stát chun na bearta a rinneadh cheana i gcur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl a chúlghairm agus chun foréigean in aghaidh na mban a chomhrac; á chur in iúl gur cúis bhuartha di tarraingt siar Türkiye ón gcoinbhinsiún; á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar an Coinbhinsiún a chomhtháthú go hiomlán sa treoir ón Aontas a bheidh ann amach anseo maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe a chomhrac; á iarraidh go ndéanfaí foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse nua coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1) CFAE; á thabhairt chun suntais gur gá cúiteamh éifeachtach agus forálacha dlíthiúla leormhaithe a chur ar fáil d’íospartaigh; á iarraidh go n-úsáidfear an coinbhinsiún mar chaighdeán íosta maidir le díothú an fhoréigin inscnebhunaithe ar fud an domhain;

17. ag cáineadh ghníomhaíochtaí na ngluaiseachtaí, na gcóras agus na reiligiún frithinscne agus frithbhan a dhéanann ionsaí córasach ar chearta na mban agus na ndaoine LADTIA+; ag tathant ar an Aontas Eorpach agus ar an ghníomhaithe domhanda diúltú d’aon iarrachtaí breise cúl a chur ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cearta daonna na mban, comhionannas, an ceart chun féinchinntiúcháin agus smacht iomlán a bheith acu ar a gcoirp féin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil gluaiseachtaí frith-inscne san Aontas á maoiniú go mór ag gníomhaithe eachtracha; á iarraidh go ndéanfar anailís chúramach ar an tsaincheist sin agus go n-áiritheofar nach maoineoidh airgead

Eorpach, chomh maith le tabhartais eachtracha, eagraíochtaí atá ag díriú go gníomhach ar chomhionannas agus ag iarraidh srian a chur le cearta daoine eile; á chur in iúl gur oth léi an cúlú in SRHR agus á iarraidh ar an gcomhphobal idirnáisiúnta a thacaíocht do SRHR a athnuachan, lena n-áirítear rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil, oideachas cuimsitheach gnéasachta atá oiriúnach d'aois, fianaise-bhunaithe, cúram cuimsitheach pleanála teaghlaigh, lena n-áirítear frithghiniúint agus faisnéis neamhchlaonta, agus cúram réamhbhreithe, breith clainne agus iarbhreithe laistigh agus lasmuigh den Aontas araon; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an straitéis maidir le comhionannas inscne a chur chun feidhme ar bhealach comhleanúnach laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, agus gníomhaíochtaí éifeachtacha agus nithiúla a dhéanamh chun an fhrithfhreagairt i gcoinne chearta na mban agus an chomhionannais inscne a chomhrac;

18. á iarraidh ar ghníomhaithe domhanda an riosca méadaithe agus na dúshláin shonracha a bhfuil ar dhaoine LADTIA+ aghaidh a thabhairt orthu a chur san áireamh, ar daoine iad atá an-leochaileach agus go minic ar íospartaigh an idirdhealaithe agus an fhoréigin iad, agus gníomhartha foréigin agus coireanna fuatha ina gcoinne a chosc, a imscrúdú agus a phionósú; á chur in iúl gur mór aici go n-aithnítear gur gá cearta daoine LGBTIQA+ a chosaint i bPlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne; á iarraidh go gcuirfí chun feidhme na Treoirlínte ón Aontas Eorpach chun tairbhiú lucht leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach agus idirghnéasach (LGBTI) de chearta uile an duine a chur chun cinn agus a chosaint; á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí an foréigean, an t-idirdhealú agus an stiogmatú i gcoinne daoine LADTIA+ a chomhrac; á iarraidh ar ghníomhaithe domhanda gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh in imthosca ar bith mar bhonn do phionóis choiriúla;

19. ag cáineadh an uile chineil foréigin i gcoinne daoine LADTIA+ agus neamhchomhréireacha ó thaobh inscne, lena n-áirítear stiogmatú, coinneáil threallach, céasadh — idir fhisiciúil agus mheabhrach — géarleanúint agus marú, agus an gríosú chun foréigin ina gcoinne; á iarraidh go n-urramófaí neamhspleáchas coirp gach duine a urramú, go háirithe trí chosc a chur ar chiorrú ball giniúna idirghnéasach, trí chleachtais 'teiripe tiontaithe' mar a thugtar orthu, agus trí steiriliú éigeantach daoine trasinscneacha mar réamhchoinníoll chun aitheantas dlíthiúil inscne a dheonú dóibh; á athdhearbhú gur cheart dlíthe aitheantais inscne a ghlacadh i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus ar an gcaoi sin aitheantas inscne a dhéanamh inrochtana, inacmhainne, riarthach, tapa agus bunaithe ar fhéinchinntiúchán; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil daoine trasinscneacha agus daoine atá éagsúil ó thaobh inscne de fós ag dul i ngleic le hidirdhealú agus deacrachtaí le haitheantas dlíthiúil inscne; á iarraidh go gcuirfí deireadh leis an gcleachtas díobhálach steirilithe atá fós forleathan mar choinníoll le haghaidh aitheantas dlíthiúil inscne;

20. á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit an comhionannas inscne agus SRHR a chur chun cinn ina gcuid gníomhaíochtaí seachtracha agus inmheánacha, lena n-áirítear i bhfóraim iltaobhacha agus dhéthaobhacha; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an cúlú domhanda ar chomhionannas inscne agus SRHR, lena n-áirítear san Aontas Eorpach; ag cáineadh go láidir chinneadh Chúirt Uachtarach na Stát Aontaithe *Roe v Wade* a aisiompú, chinneadh mhí Dheireadh Fómhair 2020 ó Bhinse Bunreachtúil na Polainne agus an chinnidh a rinne Rialtas na hUngáire le déanaí chun iallach a chur

orthu siúd atá ag iarraidh ginmhilleadh éisteacht le buille croí féatais; á iarraidh go ndéanfaí iad a aisiompú láithreach; ag cáineadh iarrachtaí leanúnacha eile chun an rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe a stiogmatú agus a laghdú; ag cáineadh bagairtí, ionsaithe agus pionóis uile gníomhaithe a chabhraíonn le mná rochtain a fháil ar fhrithghiniúint nó ar ghinmhilleadh; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé dea-shampla a thabhairt trí SRHR a chumhdach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus á chur i bhfáth gur gá tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ar fud an domhain a chuireann comhionannas inscne agus ceartas atáirgthe chun cinn;

21. á iarraidh go mbeidh SRHR ina dhlúthchuid de chur chun cinn chearta an duine ag an Aontas Eorpach ar fud an domhain; á iarraidh go mbeadh rochtain uilíoch ann ar sheirbhísí SRHR, agus go mbeadh ionaid sláinte SRHR inacmhainne agus inrochtana go háirithe, lena n-áirítear pleanáil chuimsitheach teaghlaigh, frithghiniúint agus faisnéis neamhchlaonta, cúram, breithe agus iarbhreithe, chomh maith le cúram VEID agus rochtain ar oideachas cuimsitheach gnéasachta atá oiriúnach ó thaobh aoise de, bunaithe ar fhianaise, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon; á athdhearbhú gur cineál foréigin inscnebhunaithe é diúltú seirbhísí agus cearta cuimsitheacha sláinte gnéis agus atáirgthe ardcháilíochta agus inacmhainne a sholáthar; á thabhairt chun suntais go mbíonn ar ghníomhaithe chearta na mban aghaidh a thabhairt ar chiapadh agus bagairtí foréigneacha mar gheall ar a ngníomhaíochtaí, go háirithe ar ardáin na meán sóisialta; á chur i bhfáth gur gá tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe eagraíochtaí chearta na mban, a bhíonn ag gabháil do SRHR a chur chun cinn, go háirithe i bpobail imeallaithe a bhfuil a gcuid oibre fós faoi bhagairt ag an laghdú spáis don tsochaí shibhialta;

22. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil cosantóirí chearta an duine fós ag dul i ngleic le méadú ar ionsaithe, lena n-áirítear ciapadh breithiúnach, feachtais chlúmhillte agus coireanna fuatha; á iarraidh ar cheannairí an Aontais urraim do chearta chosantóirí chearta an duine a chur chun cinn agus a áirithiú, go háirithe cosantóirí chearta na mban agus daoine LADTIA+, agus iad a chosaint ar ionsaithe agus ar bhagairtí ó ghníomhaithe stáit agus neamhstáit; á iarraidh go nglacfar agus go gcuirfear chun feidhme dlíthe frith-SLAPP, chomh maith le hionchúiseamh éifeachtach ar iompar idirdhealaitheach agus ar neamhfhulaingt ar fhuathchaint agus coireanna fuatha; á chur i bhfios go láidir go n-iarrann sí ar an Aontas na bagairtí, na riachtanais agus na dúshláin inscne-shonracha atá ann do chosantóirí ban ar chearta an duine a chur san áireamh, agus ag tathant ar institiúidí an Aontais a ráthú go mbeidh rochtain acu ar shásraí cosanta sonracha, chomh maith le tacaíocht pholaitiúil agus tacaíocht airgeadais dhíreach mhéadaithe a chur ar fáil; ag cáineadh na mbagairtí, na n-ionsaithe agus na bpionós go léir i gcoinne gníomhaithe a chabhraíonn le mná rochtain a fháil ar ghinmhilleadh nó ar fhrithghiniúint; á chur i bhfáth gur gá tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá rannpháirteach i gcur chun cinn an chomhionannais inscne agus go háirithe sa cheartas atáirgthe;

23. á thabhairt chun suntais gur gá dul i ngleic le hidirdhealú in aghaidh na mban agus steiréitíopaí díobhálacha ón luath-óige trí oideachas ardcháilíochta; á chur i bhfios go láidir go bhfuil rochtain ar an oideachas tábhachtach chun scileanna, obair chuibhiúil agus poist a bheidh ann amach anseo a fháil, chomh maith le steiréitíopaí agus claontachtaí inscne a chur as an mbealach, lena n-áirítear i réimsí ina mbíonn fir i gceannas go hiondúil; á mheabhrú gur réamhriachtanas é comhionannas deiseanna chun

rochtain a fháil ar réimsí na heolaíochta agus na teicneolaíochta chun a áirithiú gur féidir le mná agus cailíní leas iomlán a bhaint as a gcearta daonna; á iarraidh go ndéanfaí foghlaim na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice a chur chun cinn agus a spreagadh ó aois óg chun a áirithiú nach mbeidh cailíní agus mná faoi mhíbhuntáiste éagórach agus iad ag lorg fostaíochta sna hearnálacha eolaíocha agus teicniúla ina dhiaidh sin; á iarraidh níos mó ar fud an domhain go ndéanfadh an tAontas comhdheiseanna a chur chun cinn don rochtain ar oideachas ar fud an domhain; ag tathant go láidir ar an Aontas, lena n-áirítear tríd an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, gníomhú i gcoinne diúltú uafásach d’oideachas cailíní, ar sárú é ar chearta an duine do leanaí;

24. á chur i bhfáth gur dlúthchuid den cheart chun sláinte agus folláine í an mheabhairshláinte, agus go bhfuil difríochtaí ann maidir leis na bealaí a mbíonn tionchar ag saincheisteanna meabhairshláinte ar fhir agus ar mhná; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de a ghlacadh maidir le taighde ar mheabhairghalair agus ar an gcóireáil orthu, chomh maith le meabhairshláinte a phríomhshruthú go ginearálta, agus straitéisí éifeachtacha cumarsáide a ghlacadh chun díriú ar steiréitíopaí inscne maidir leis an meabhairshláinte; á iarraidh go mbaileofaí agus go ndéanfaí anailís ar shonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de in earnáil an chúraim sláinte chun an bhearna i gcáilíocht na cóireála a chuirtear ar fáil d’fhir agus do mhná a dhúnadh, agus príomhphrionsabail reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí agus cearta bunúsacha á n-urramú ag an am céanna, agus an reachtaíocht náisiúnta á hurramú; á mheabhrú gur saincheisteanna forleathana iad diagnóisiú déanach, cóireáil neamhleor agus easpa ban a bheith áirithe i staidéir a mbíonn tionchar acu ar rochtain ar chúram sláinte ardchaighdeáin do mhná.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 25.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 28<br>–: 2<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Christine Anderson, Simona Baldassarre, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Annika Bruna, Maria da Graça Carvalho, Margarita de la Pisa Carrión, Frances Fitzgerald, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Radka Maxová, Karen Melchior, Andżelika Anna Możdżanowska, Johan Nissinen, Maria Noichl, Pina Picierno, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Sylwia Spurek, Elissavet Vozemberg-Vrionidi |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gwendoline Delbos-Corfield, Lena Düpont, Pierrette Herzberger-Fofana, Aušra Maldeikienė, Kira Marie Peter-Hansen, Susana Solís Pérez |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jakop G. Dalunde, Martin Hojsík, Johan Nissinen |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 28 | + |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen |
| PPE | Isabella Adinolfi, Maria da Graça Carvalho, Lena Düpont, Frances Fitzgerald, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Aušra Maldeikienė, Elissavet Vozemberg-Vrionidi |
| RENEW | Martin Hojsík, Karen Melchior, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Susana Solís Pérez, Irène Tolleret |
| S&D | Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Radka Maxová, Maria Noichl, Pina Picierno, Evelyn Regner |
| THE LEFT | Eugenia Rodríguez Palop |
| VERTS/ALE | Jakop G. Dalunde, Gwendoline Delbos-Corfield, Pierrette Herzberger-Fofana, Kira Marie Peter-Hansen, Sylwia Spurek |

| 2 | - |
|---|---|
| ECR | Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Christine Anderson |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ECR | Andżelika Anna Możdżanowska |
| ID | Simona Baldassarre, Annika Bruna |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh